

Na Lucha ag Rince

Micheál Ó Ruairc



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2009
© Cló Iar-Chonnachta 2009

ISBN 978-1-905560-42-4

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail

Obair ealaíne agus dearadh an chlúdaigh: Ciarán Ó Nualláin agus Shona Shirley Macdonald.



Bord na
Leabhar
Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593251

*Tiomnaím an saothar seo do mo mhac Brian
Ó Ruairc, a chabhraigh liom é a chur i dtoll a chéile.*

CLÁR

Réamhrá	9
Aiféala	17
Aithníonn Ciaróg Ciaróg Eile	20
Ar Iarraidh	24
Bíonn an Fhírinne Searbh	27
Bíonn Blas ar an mBeagán	31
Brú	35
Nuair a Bhíonn an Cat Amuigh	
Bíonn na Lucha ag Rinne	38
Bíonn Dhá Cheann ar an Magadh	42
Cothrom na Féinne	45
Ar Mhuin na Muice	48
Is Fearr an tImreas ná an tUaigneas	51
Dóchas	54
Mol an Óige	57
Filleann an Feall ar an bhFeallaire	61
Ní Thig Leis an nGobadán an Dá Thrá a	
Fhreastal	67
Is Minic a Bhris Béal Duine a Shrón	71
Díoltas	74
Spás	77
Draíocht an Cheoil	81
Is Glas Iad na Cnoic i bhFad Uainn	84

Is Olc an Ghaoth nach Séideann Maith do	
Dhuine Éigin	88
Misneach	91
Níl Aon Tinteán mar do Thinteán Féin	94
Nollaig an Fheasa	101
Cleachtaí	109
Foclóir	111

RÉAMHRÁ

Deirfiúr don tsamhlaíocht í an óige. Leathchúpla. Is iad laethanta na hóige laethanta na samhlaíochta. ‘Bíonn an óige aislingeach’ de réir an tseanfhocail agus is ionann a bheith aislingeach agus a bheith idéalach agus samhlaíoch. Cuireann daoine óga suim ar leith i ngnéithe áirithe de limistéar na samhlaíochta: an fhantasaíocht, an t-osnádúr, an domhan osréalaíoch, an eachtraíocht, an áibhéil, taibhsí, draíocht agus mar sin de. Luath go leor, tagann deireadh le laethanta na hóige agus bíonn ar an aos óg aghaidh dhrogallach a thabhairt ar dhomhan an duine fásta, lena chúraimí, lena dhualgaisí, lena fhreagracht.

Is nithe iad an chumadóireacht agus an scríbhneoireacht chruthaitheach a bhfuil faillí déanta orthu sa chóras oideachais le fada an lá. Ón gcéad lá sa mheánscoil, geall leis, díritear aird an pháiste ar fhíríci agus ar fhoghlaím ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh sa saol. Sa bhealach seo bíonn an córas oideachais fite fuaite le nithe saolta in aigne an pháiste. Cothaíonn agus neartaíonn córas na bpointí an dearcadh seo. Is beag áit atá ann don taobh cruthaitheach nó samhlaíoch d’aigne an duine óig. Níl dabht ar bith im aigne féin ach gur chothaigh córas na bpointí fealsúnacht an *utilitarianism* ag an dara

leibhéal, a bhfuil macallaí d'úrscéal *Hard Times* le Charles Dickens, a foilsíodh sa bhliain 1854, le sonrú ann: 'Now, what I want is, Facts. Teach these boys and girls nothing but Facts. Facts alone are wanted in life. Plant nothing else, and root out everything else . . . Stick to Facts, sir!' D'fhás an dearcadh a léirítear in *Hard Times* as an Réabhlóid Thionsclaíoch i Sasana, leis an mbéim ar fad ar eitic na hoibre agus ar dhul chun cinn. D'fhás Córas na bPointí as Réabhlóid an tSaoroideachais in Éirinn. Le teacht an Tiogair Cheiltigh, leagadh an-bhéim go deo ar ábharachas agus ar shaint, agus mar is eol do chách is scáthán é an seomra ranga don tsochaí ina mairimid. Anois go bhfuil an Tiogar úd bailithe leis thar loch amach, bheifeá ag súil go bhfillfimis ar choincheapanna na samhlaíochta agus na cruthaitheachta arís.

Is beag deis a bhíonn ag lucht meánscoile, go háirithe lucht Ardteistiméireachta, aon rud samhlaíoch nó cruthaitheach a scríobh bunaithe ar an gcuraclam atá i réim faoi láthair. Ach tá fuinneog bheag amháin ann a thugann spléachadh ar dhomhan na cruthaitheachta agus na ceapadóireachta. Sin Ceist B, Scéal (Ceapadóireacht) ar Pháipéar 1, Gaeilge, Ardteistiméireacht, Ardleibhéal. Sa cheist áirithe seo iarrtar ar dhaltaí scéal a scríobh bunaithe ar sheanfhocal nó ar nath cainte. Ar a laghad, tugann an cheist seo deis do dhaltaí iad féin a chur in iúl trí mheán na ceapadóireachta gan dul i muinín fíricí nó argóintí réadúla. Tugtar deis dóibh dul i muinín an fhicsin agus ar an ábhar sin dul i muinín na samhlaíochta agus scéal nó gearrscéal a chumadh,

neamhspleách ar chonstaicí na haiste, an ailt nó na díospóireachta.

Tá sé tábhachtach go mbeadh scileanna faoi leith ar eolas ag daltaí agus iad ag tabhairt faoi scéal nó gearrscéal a scríobh. Ba chóir go mbeadh struchtúr acu le go bhféadfaidís scéal a scríobh go muiníneach agus iad faoi bhrú. Seo a leanas an struchtúr nó an cur chuige a mholfainnse féin:

- (a) Roghnaigh teideal a thuigeann tú agus a bhfuil tú sásta leis.
- (b) Déan plota an scéil agus na príomheachtraí sa scéal a fhorbairt i d'aigne sula dtosaíonn tú ag scríobh. Is leor eachtra amháin. Bíodh an eachtra seo suimiúil agus sochreidte.
- (c) Bíodh tús an scéil spreagúil, suimiúil agus láidir ionas go músclóidh sé spéis an léitheora. Is maith le léitheoirí an tús obann, an abairt ghearr a thógann isteach i gcroí an scéil iad láithreach bonn. Níl rud ar bith níos measa ná tús mall, leadránach a chuireann an léitheoir ó dhoras láithreach!
Mar shamplaí: 'Chuaigh Caitlín inairde staighre de rith te reatha. Phlab sí doras a seomra codlata ina diaidh.' Nó: 'Bhí na deora le Ristead.'
- (d) Cruthaigh príomhcharachtar amháin ar a laghad. Ná cruthaigh níos mó ná beirt nó triúr. Is féidir roinnt mioncharachtar a bheith agat sa scéal ach coinnigh líon na mioncharachtar teoranta go maith. Ní bhíodh sna scéalta

béaloidis ach triúr carachtar go hiondúil. Dá mbeadh níos mó ann bheadh an lucht éisteachta imithe amach an doras agus an seanchaí fágtha leis féin cois na tine!

- (e) Bíodh coimhlint agat sa scéal. Teastaíonn coimhlint chun aird an léitheora a choinneáil.
- (f) Bíodh teannas áirithe idir na carachtair éagsúla. Cuidíonn an teannas le fás agus forbairt an scéil agus méadaíonn sé fiosracht an léitheora.
- (g) Tá sé tábhachtach go mbeadh comhrá (caint dhíreach) idir na carachtair éagsúla. Tugann an comhrá beocht agus práinn don scéal nach bhfuil le fáil sa chur síos leanúnach.
- (h) Tá críoch an scéil an-tábhachtach. Bíodh an críoch obann nó bíodh sé spreagúil, ach ba chóir go mbainfeadh an léitheoir taitneamh as i gcónaí. Níl rud ar bith níos measa ná críoch dhochreidte, thuirsiúil.

Seo a leanas scéal samplach a bhfuil an chuid is mó de na tréithe thuasluaite le sonrú ann. Tabhair faoi deara go bhfuil go leor den fhantasaíocht agus go leor castaí ann agus cuimsíonn an plota réimse fada aimsire. Maidir le críoch an scéil, ní críoch róshona atá inti ach ag an am céanna tá sé soghlactha don léitheoir:

Scéal le scríobh . . .

Is Ait an Mac an Saol

Buachaill aisteach ba ea Deiric Ó Súilleabháin. Ní raibh aon chairde aige ar scoil ná ina cheantar dúchais. Aonarán ba ea é. Níor ghlac sé páirt ar bith in imeachtaí sóisialta na scoile. Ní fhaca éinne riamh é ag labhairt le cailíní as a rang féin ná as rang ar bith eile ach oiread. Dá labhródh cailín leis d'éireodh sé chomh dearg le coileach turcaí. Ní fhanfadh focal ina bhéal agus bheadh ar chumas balbháin níos mó a rá. Cé go raibh sé cliste ar scoil, níor bhac sé mórán le staidéar ná le hobair bhaile. Ní fhéadfadh éinne a rá go raibh sé staidéartha ná go raibh sé ina chruimh leabhar. Bhí suim mhór aige sa léitheoireacht, sa cheol agus sna scannáin. Maidir le bheith ag breathnú ar an teilifís, d'fhéadfadh Deiric a bheith ag breathnú ar an teilifís ó dhubh go dubh is ó dhubh go geal arís. Bhí dúil mhíllteanach aige sa bhosca draíochta sa chúinne gan aon agó. Buachaill aisteach ba ea é gan amhras.

Deireadh gach éinne, go háirithe na cailíní as na ranganna Ardeistiméireachta eile, go raibh sé dathúil. Bhí na cailíní as a rang féin den tuairim nach raibh ann ach amadán nó gamal is bhídís ag magadh faoi de shíor. Bhí scoláirí áirithe as an rang céanna go láidir den tuairim go raibh sé aisteach ar bhealach eile, go raibh sé aerach, gan fiacail a chur ann. Chuala sé féin an ráfla sin agus d'éirigh sé thar a bheith feargach agus bhagair sé go mbrisfeadh sé pus an bhuachalla nó an chailín dá gcloisfeadh sé é nó í ag rá go raibh sé aerach.

Tháinig athrú mór ar Deiric agus é i rang na hArd-

teistiméireachta. D'éirigh sé ní ba chiúine agus ní ba thostaí ná mar a bhí sé cheana. Sheachain sé comhluadar na ndaltaí eile ar nós na plá. Ina dhiaidh sin níor chuir na daltaí eile chuige ná uaidh. Níor bheannaigh siad dó fiú. Ná níor bhac Deiric mórán leis an staidéar agus é ag ullmhú do scrúdú na hArdteistiméireachta. Luigh sé isteach ar na leabhair, ach níor leabhair scoile iad ach úrscéalta agus beathaisnéisí agus leabhair thaistil.

Tharla rud aisteach tráthnóna amháin tar éis scoile agus é ag fágáil chlós na scoile ar a bhealach aonarach abhaile. Chuaigh sé sall chuig cailín as a rang féin – Eithne Nic an Bhaird – agus d'fhiafraigh sé di an rachadh sí chuig an Debs leis ar an séú lá de Dheireadh Fómhair. Ba í Eithne an cailín ab áille sa rang agus fiú amháin sa scoil. Ba í siúd a dúirt tráth go raibh Deiric dathúil 'ina shlí féin'. Nuair a d'iarr sé uirthi é a thionlacan chuig an Debs, thit an lug ar an lag aici. Dhiúltaigh sí glan dul ina theannta. Scairt sí amach ag gáire agus ghríosaigh sí a cairde chun a bheith ag magadh faoi Deiric bocht os comhair an tsaoil mhóir. Abhaile le Deiric agus é i ndeireadh na feide le náire agus le gruaim.

Ní dheachaigh Deiric chuig an Debs ar an séú lá de Dheireadh Fómhair. Ní raibh sé in Éirinn fiú an oíche sin. Thug sé agaidh ar Mheiriceá tar éis dó torthaí na hArdteistiméireachta a fháil, torthaí nach raibh ró-dhona, dála an scéil. Ós rud é nach raibh aon chairde aige is go raibh sé ina aonarán, níor mhothaigh éinne uaidh é.

D'imigh na blianta go sciobtha. Bhí ráflaí ag

gabháil thart go raibh Deiric i Hollywood agus go raibh sé ag glacadh páirte i scannáin. De réir a chéile, d'fhás agus mhéadaigh a chlú agus a cháil, agus nuair a d'éirigh Daniel Craig as páirt James Bond, ainmníodh Deiric mar chomharba air. Nuair a bhí an chéad scannán de chuid James Bond ina raibh Deiric páirteach – *Forever and a Day* – á eisiúint in Éirinn, d'fhill Deiric ar phictiúrlann a bhaile dhúchais d'oíche na hoscailte. Bhí na meáin chumarsáide, go háirithe lucht teilifíse, ann ina sluaite an oíche chéanna, is bhí ar Deiric sleamhnú go discréideach isteach cúldoras na pictiúrlainne chun iad a sheachaint.

Bhí banriseoir ón nuachtán áitiúil – *The Leitrim Echo* – ag fanacht leis ag an gcúldoras agus í ar bís agallamh a chur air. Eithne Nic an Bhaird ab ainm di agus ba bheag nár thit sí i bhfanntais ar fheiceáil di an réalt scannáin cáiliúil, dathúil os a comhair amach. Rith sí chuige agus a leabhar nótaí ina lámh aici.

'Is mise Eithne Nic an Bhaird,' ar sise agus a hanáil i mbarr a goib aici. 'Bhí mé in aon rang leat ar scoil. An cuimhin leat mé?'

D'fhéach sé uirthi go fuarchúiseach.

'Ní cuimhin liom tú,' ar seisean go giorraisc, 'níl aon aithne agam ort. Anois,' ar seisean le duine dá ghardaí cosanta, 'tóg an bhean seo as mo radharc, pé hí féin, agus lig dom dul isteach sa phictiúrlann. Táim cráite ag a leithéidí.'

Shiúil sé thairsti gan focal eile a rá. Fágadh Eithne ina dealbh ansin agus na deora léi.

Is ait an mac an saol gan amhras!

Gluais

staidéartha – studious; cruimh leabhar – bookworm; aerach – gay; comhluadar – company; ar nós na plá – like the plague; níor chuir na daltaí eile chuige ná uaidh – the other students didn't bother him; beathaisnéisí – biographies; a thionlacan – to accompany him; thit an lug ar an lag aici – she got an awful shock; i ndeireadh na feide – at the end of (his) tether; comharba – successor; eisiúint – (being) released; thit sí i bhfanntais – she fainted; a hanáil i mbarr a goib aici – she was breathless; go giorraisc – abruptly.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as na scéalta sa leabhar seo agus go gcuideoidh an leabhar libh agus sibhse ag scríobh bhur scéalta féin.

Mícheál Ó Ruairc
Bealtaine 2009

AIFÉALA

Bhí sé a trí a chlog ar maidin nuair a dhúisigh Seán Ó Briain. Amach as an leaba leis go beo agus chuir sé air a chuid éadaigh go sciobtha. Anuas an staighre leis ar a bharraicíní agus shleamhnaigh sé amach an cúldoras. Dhruid sé an cúldoras go discreideach ina dhiaidh agus rinne sé a bhealach amach ar an bpríomhbhóthar. As go brách leis ag rith ar nós na gaoithe ar an mbóthar dorcha agus stad ní dhearna sé gur shroich sé teach an mhúinteora staire, Frainc Mac Mathúna.

Chonaic sé carr an mhúinteora páirceáilte sa chlós lasmuigh dá theach cónaithe. Thóg Seán an scian phóca amach agus d'oscail í. Bhí faobhar géar ar lann na scine. Ghearr Seán gach ceann de na ceithre bhonn faoin gcarr agus ansin theith sé lena anam as an áit . . .

Ba é Frainc Mac Mathúna faoi deara é a chur ar fionraí, dar le Seán. Dúirt múinteoir éigin leis an bpríomhoide go raibh Seán ag ól canna beorach sa tseid taobh thiar den scoil. Ní raibh an príomhoide sásta a rá cén múinteoir a sceith air, ach nach bhfaca Seán Frainc Mac Mathúna ag dul trasna an chlóis ag am lóin. Bhí sé cinnte gurbh é a d'inis don phríomhoide go bhfaca sé ag ól é.

Cuireadh Seán ar fionraí ar feadh trí seachtaine. Bhí ar an bpríomhoide tuismitheoirí Sheáin a chur ar an eolas faoin eachtra agus baineadh stangadh astu. Thug siad íde na muc agus na madraí do Sheán agus ní ligfidís lasmuigh den doras é ar feadh an ama a raibh sé ar fionraí. Chaitheadh sé gach uile lá thuas staighre ina sheomra ag staidéar go dian.

D'fhás fuath ina chroí do Fhrainc Mac Mathúna. Thosaigh sé ag beartú díoltais ina choinne. Smaoinigh sé go bhféadfadh sé a theach a chur trí thine, nimh a thabhairt dá mhadra nó fuinneoga a thí a bhriseadh i lár na hoíche. Faoi dheireadh chinn sé ar bhoinn a chairr nua a ghearradh. Mhúinfeadh sé sin ceacht dó!

D'fhill Seán ar scoil ar an Luan. Nuair a tháinig Mac Mathúna chuige sa rang staire, gheit a chroí. Bhí sé cinnte go raibh a fhios aige gurbh é a ghearr boinn a chairr. Ach b'amhlaidh a thug sé burla mór nótaí staire dó agus mhol sé dó staidéar a dhéanamh orthu mar ullmhúchán do na réamhscrúduithe a bheadh ag tosú an tseachtain dár gcionn.

'D'fhéadfá grád A a aimsiú gan stró ar bith, a Sheáin,' ar seisean leis, 'mar is togha mac léinn staire tú dá gcuirfeá dua ort féin.'

Ag am lóin, ghlaoigh an príomhoide ar Sheán teacht i leataobh. 'Tá súil agam go bhfuil do cheacht foghlamtha agat, a Sheáin,' ar seisean leis, 'agus nach ndéanfaidh tú rud amaideach mar sin arís. A leithéid de phleidhce! Agus an múinteoir eolaíochta, Bean Uí Shé, ag breathnú caol díreach ort trí fhuinneog an tseomra eolaíochta . . . a leithéid . . . Geallaimse duit,

a bhuachaill, murach gur tháinig do mhúinteoir staire, an tUasal Mac Mathúna, chugam ag déanamh idirghuí ar do shon, bheadh bata agus bóthar faighte agat, a mhic Uí Bhriain.'

'... ach cheap mise ... cheap mise gurbh é ...'

'Bí ag bailiú leat anois, a Sheáin, agus bíodh ciall agat agus má chloisim gearán eile fút is duitse is measa é!'

Bhailigh Seán leis agus é go mór trí chéile. Bhí a cheann faoi aige agus a intinn cráite, céasta, scólta. Ar a bhealach abhaile an tráthnóna sin, thuig sé go raibh botún uafásach déanta aige agus go mbeadh air cúiteamh a dhéanamh ina dhrochghníomh. Tháinig aiféala air agus thosaigh sé ag caoineadh go géar, goirt.